

# Ceacht a hAon

## Lesson One

# Cad a dhéanann tú?

## What do you do?

# Leathanach 1

## Page 1

- |    |   |   |
|----|---|---|
| 1. | Cad a ólann tú ar maidin?<br>Ólann mé tae.<br>Ólaim tae.<br><br>An ólann tú caife ar maidin?<br>Ní ólann. Ólann mé uisce.<br>Ní ólaim. Ólaim uisce.<br><br>Nach n-ólann tú caife riamh?<br>Ólann. / Ólaim.<br>Ní ólann. / Ní ólaim.<br>tae, caife, uisce, bainne, sú, beoir, fíon               | What do you drink in the morning?<br>I drink tea.<br>I drink tea.<br><br>Do you drink coffee in the morning?<br>No. I drink water.<br>No. I drink water.<br><br>Don't you ever drink coffee?<br>Yes.<br>No.<br>tea, coffee, water, milk, juice, beer, wine              |
| 2. | Cad a chuireann tú i do chuid tae?<br>Cuireann mé bainne agus siúcra ann.<br>Cuirim uachtar agus siúcra ann.<br>Ní chuirim rud ar bith ann.<br><br>An gcuireann tú mil ann?<br>Ní chuirim. Cuirim uachtar ann.<br>siúcra, bainne, uachtar, mil, líomóid, im                                     | What do you put in your tea?<br>I put milk and sugar in it.<br>I put cream and sugar in it.<br>I don't put anything in it.<br><br>Do you put honey in it?<br>No. I put cream in it.<br>sugar, milk, cream, honey, lemon, butter   |
| 3. | Cad a cheannaíonn tú sa bhácús?<br>Ceannaíonn mé arán.<br>Ceannaím arán.<br><br>An gceannaíonn tú brioscáí?<br>Ní cheannaím.<br><br>Cén saghas aráin a cheannaíonn tú?<br>Ceannaím arán donn.<br><br>Cá gceannaíonn tú arán?<br>Ceannaím sa bhácús é.<br>arán, brioscáí, císte, scónaí, borróga | What do you buy at the bakery?<br>I buy bread.<br>I buy bread.<br><br>Do you buy biscuits (cookies)?<br>No.<br><br>What type of bread do you buy?<br>I buy brown bread.<br><br>Where do you buy bread?<br>I buy it in the bakery.<br>bread, cookies, cake, scones, buns |
| 4. | Cá dtéann tú ar maidin?<br>Téann mé ag obair.<br>Téim go dtí an pháirc.<br><br>An ndéanann tú do bhricfeasta féin?<br>Déanann. / Déanaim.<br>Ní dhéanann. / Ní dhéanaim.  | Where do you go in the morning?<br>I go to work.<br>I go to the park.   |
| 5. | An eiríonn tú go moch ar maidin?<br>An itheann tú feoil?<br>An scríobhann tú dánta?<br>An gceannaíonn tú caife ar maidin?<br>An dtéann tú go dtí an trá?<br>An imríonn tú peil Ghaelach?  | Do you make breakfast for yourself?<br>Yes.<br>No.<br><br>Do you get up early in the morning?<br>Do you eat meat?<br>Do you write poems?<br>Do you buy coffee in the morning?<br>Do you go to the beach?<br>Do you play Gaelic football?                                |

### Comhrá 1

- A: Cad a ólann tú ar maidin?  
B: Ólaim cupán caife.  
    Cad a ólann tú féin?  
A: Ólaim cupán tae.  
    An ólann tusa tae?  
B: Ní ólaim.

### Comhrá 2

- A: Cad a ólann tú ar maidin?  
B: Ólaim cupán tae.  
A: An gcuireann tú siúcra i do chuid tae?  
B: Ní chuirim.

### Comhrá 3

- A: An gceannaíonn tú arán sa bhácús?  
B: Ceannaím.  
A: Cad eile a cheannaíonn tú sa bhácús?  
B: Ceannaím císte.

### Comhrá 4

- A: Cad a dhéanann tú ar maidin?  
B: Téim ag obair. Agus tú féin?  
A: Téim go dtí an pháirc.  
B: Nach dtéann tú ag obair?  
A: Ní théim ag obair ar maidin.

### Comhrá 5

- An éiríonn tú go moch ar maidin?  
An itheann tú feoil?  
An scríobhann tú dánta?  
An gceannaíonn tú caife ar maidin?  
An dtéann tú go dtí an trá go minic?  
An imríonn tú peil Ghaelach?

### Conversation 1

- What do you drink in the morning?  
I drink a cup of coffee.  
What do you drink?  
I drink a cup of tea.  
Do you drink tea?  
No.

### Conversation 2

- What do you drink in the morning?  
I drink a cup of tea.  
Do you put sugar in your tea?  
No.

### Conversation 3

- Do you buy bread at the bakery?  
Yes.  
What else do you buy at the bakery?  
I buy cake.

### Conversation 4

- What do you do in the morning?  
I go to work. And you?  
I go to the park.  
Don't you go to work?  
I don't go to work in the morning,

### Conversation 5

- Do you get up early in the morning?  
Do you eat meat?  
Do you write poems?  
Do you buy coffee in the morning?  
Do you go to the beach often?  
Do you play Gaelic football?

**Amach mo fhuinneog**  
le Yvonne Ní Mhuilleoir  
ó Duanaireacht na nÓg 2

Féachaim amach mo fhuinneog,  
Céard a fheicim?  
I lár an ghairdín,  
feicim an crann.

Féachaim amach mo fhuinneog,  
Céard a fheicim?  
Dhá choinín,  
Ag léim le spraoi.

Féachaim amach mo fhuinneog,  
Céard a fheicim?  
An ghealach i lár na spéire,  
Ag taitneamh isteach orm.

Féachaim amach mo fhuinneog,  
Céard a fheicim?  
An crann céanna 's a chonaic mé  
anuraidh,  
Agus tá sé go hálainn agus fós beo.

**Out my window**  
by Yvonne Ní Mhuilleoir  
from Poetry of the Young 2

I look out my window,  
What do I see?  
In the middle of the garden,  
I see the tree.

I look out my window,  
What do I see?  
Two rabbits,  
Jumping for fun.

I look out my window,  
What do I see?  
The moon in the center of the sky,  
Shining in on me.

I look out my window,  
What do I see?  
The same tree I saw last year,  
And it's beautiful and still alive.